An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Scéim na gCúntóirí Teanga

Ról an Chúntóra Teanga

An Roinn Oideachais
Department of Education

Gaeloideachas
Guth don Oideachas Ian-Ghaeilge agus Gaeltachta

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Ábhar

Réamhrá..... 2

Ról an Chúntóra—Ceisteanna Coitianta..... 4

1. Cén chaoi a dtacaíonn an Cúntóir leis na daltaí/scoláirí sa seomra ranga?..... 4

2. Cén chaoi a bhfaigheann foireann teagaisc na scoile an leas is fearr as an tacaíocht bhreise ó Scéim na gCúntóirí Teanga?..... 6

3. Cén obair nach bhfuil mar chuid de ról an Chúntóra Teanga?..... 9

4. Cén cineál tacaíochta ar chóir a chur ar fáil don Chúntóir Teanga?..... 10

5. Cén ról atá ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus 10

6. Cén ról atá ag Cigireacht na Roinne Oideachais?..... 11

AGUISÍN 1 12

AGUISÍN 2—NAISC ÚSÁIDEACHA..... 13

AGUISÍN 3 - SCOILEANNA ATÁ PÁIRTEACH SA SCÉIM 14

Réamhrá

Ar mhaithe le cúram a dhéanamh de na bearta faoi leith a bhí comhaontaithe leis an Roinn Oideachais sa https://www.gov.ie/ga/eolas-polasaithe/polasai-don-oideachas-gaeltachta-20172022/ mar aon leis an ngealltanas a bhí tugtha faoi ghníomh 2.17 den https://www.gov.ie/ga/eolas-polasaithe/plean-gniomhaiochta-2018-go-2022/, tugadh faoi athbhreithniú a dhéanamh ar Scéim na gCúntóirí Teanga in 2018. Is é SEALBHÚ in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a thug faoin athbhreithniú taighde seo a dhéanamh faoi stiúir foriomlán na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Foilsíodh tuarascáil ina leith dar teideal: *Athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga* ar 15 Deireadh Fómhair 2020 atá ar fáil https://www.gov.ie/ga/seirbhis/sceim-na-gcuntoiri-teanga/.

I measc na moltaí a rinneadh san athbhreithniú, moladh go ndéanfaí soiléiriú ar ról an chúntóra teanga. Tá cóip den mholadh ar leith seo ar fáil in Aguisín 1. Is ionann ullmhú agus foilsiú an lámhleabhair seo agus an moladh sin a chur chun feidhme.

Táthar ag súil go mbeidh an lámhleabhar seo ina fhoinse tagartha, faisnéise agus tacaíochta do chúntóirí teanga, lucht riartha Scéim na gCúntóirí Teanga (An Scéim) agus d'fhoirne bainistíochta agus teagaisc na scoileanna Gaeltachta. Tá an comhoibriú agus an comhairliúchán idir an príomhoide, an múinteoir ranga, an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge agus an cúntóir teanga ríthábhachtach.

I measc na n-ábhar a chuimsítear sa lámhleabhar seo tá:

- soiléiriú ar an tacaíocht gur féidir leis an gcúntóir teanga a thabhairt chun tacú leis na daltaí/scoláirí sa seomra ranga
- léargas ar luach obair an chúntóra teanga d'fhoireann teagasc na scoile
- soiléiriú ar an gcaoi gur féidir le bainistíocht na scoile tacú le hobair an chúntóra teanga
- soiléiriú ar an gcineál oibre nach bhfuil mar chuid de ról an chúntóra teanga
- léargas ar an tacaíocht a chuirfidh na heagrais ar fáil do na cúntóirí teanga
- ról an chúntóra teanga mar a bhaineann sé le cur i bhfeidhm an phlean teanga sa limistéar pleanála teanga áitiúil
- ról na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus
- ról na Roinne Oideachais.

Ról an Chúntóra – Ceisteanna Coitianta

1 Cén chaoi a dtacaíonn an Cúntóir leis na daltaí/ scoláirí sa seomra ranga?

1.1 Den chuid is mó, tá sé i gceist go mbeadh an cúntóir teanga ag obair lámh ar lámh leis an múinteoir ranga (bunscoileanna) nó an múinteoir ábhar (iar-bhunscoileanna), agus leis an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge de réir mar is cuí chun tacú leis na spriocanna teanga agus na torthaí foghlama atá le baint amach.

1.2 I mbunscoileanna, ba cheart go mbeadh an cúntóir teanga in ann tacaíochtaí breise a thabhairt do na daltaí/scoláirí atá aitheanta faoi threoir an phríomhoide, an mhúinteora ranga agus i gcomhairle leis an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge.

1.3 D'fhéadfadh an cúntóir teanga tacú leis an múinteoir ranga/ múinteoir ábhar deiseanna a sholáthar d'fhoghlaimeoirí ar bhonn scoile uile trí dhrámaíocht, agallamh beirte, lúibíní, díospóireachtaí, scéalaíocht, filíocht agus trí threisiú na n-ealaíona dúchais go ginearálta.

1.4 Tá ról tábhachtach ag an gcúntóir teanga chun tacaíocht a thabhairt d'úsáid na Gaeilge sa scoil agus tacú le saibhriú scileanna cumarsáide agus forbairt foclóra na gcainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí araon tríd an scéalaíocht, rímeanna, rainn, nathanna cainte saibhre, drámaí beaga agus cluichí teanga a imirt.

1.5 Tá ról tábhachtach ag an gcúntóir teanga freisin:

- tacú le daltaí/scoláirí atá ar bheagán Gaeilge i gcomhar leis an múinteoir ranga agus an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge
- bealaí a aontú leis an múinteoir ranga chun tuairisciú ar dhul chun cinn na ndaltaí/ scoláirí nó ar aon sainriachtanais teanga a thugtar faoi deara.

1.6 D'fhéadfadh an cúntóir teanga suim na dtuismitheoirí a spreagadh i saibhriú Ghaeilge a bpáistí trí labhairt leo faoina c(h)uid oibre féin.

1.7 Is féidir teacht ar naisc chuig acmhainní ábhartha a d'fhéadfadh a bheith úsáideach d'obair an chúntóra teanga in Aguisín 2.

2. Cén chaoi a bhfaigheann foireann teagaisc na scoile an leas is fearr as an tacaíocht bhreise ó Scéim na gCúntóirí Teanga?

2.1 Moltar do gach scoil ról an chúntóra teanga, atá leagtha amach sa lámhleabhar seo, a phlé le foireann na scoile ina iomláine d'fhonn a chinntiú go bhfuil comhthuiscint ann maidir le gníomhaíochtaí a eagrú chun an teanga a shealbhú agus a shaibhriú, mar shampla:

- saibhriú scileanna cumarsáide na gcainteoirí dúchais trí scéalaíocht, rímeanna, rainn, scéalta beaga a insint, drámaí beaga, cluichí teanga a imirt

Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017–2022

- cabhrú le saibhriú teanga, forbairt foclóra agus sealbhú na nathanna cainte tríd an bpróiseas scríbhneoireachta
- tacú le teanga na ndaltaí/scoláirí atá ar bheagán Gaeilge a fhorbairt agus
- bealaí a aontú leis an múinteoir ranga/múinteoir ábhar maidir le taifid a choinneáil ar dhul chun cinn na ndaltaí/ scoláirí agus ar aon sainriachtanais teanga a thugtar faoi deara.

2.2 Moltar obair an chúntóra teanga a chur san áireamh mar chuid de phróiseas féinmheastóireachta agus pleanála feabhsúcháin na scoile.

2.3 I mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna, moltar don scoil, grúpaí éagsúla daltaí/scoláirí a roghnú chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil dóibh de réir a riachtanas teanga. D'fhéadfaí na grúpaí sin a athrú i rith na bliana, ar bhonn rothlaithe, mar shampla, bunaithe ar aiseolas ón mhúinteoir ranga/múinteoir ábhar agus ón mhúinteoir tacaíochta don Ghaeilge i gcomhar leis an bpríomhoide.

Teagmháil le Tuismitheoirí

2.4 Moltar do gach scoil i gcomhar leis na heagrais riartha, de réir mar a oireann, tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas i scríbhinn faoin obair a bheidh ar siúl ag an gcúntóir faoi stiúir an mhúinteora ranga.

2.5 Is faoi bhoird bhainistíochta gach scoile a bheidh sé aidhm agus cur chuige Scéim na gCúntóirí Teanga a mhíniú do thuismitheoirí agus cead a fháil dá bpáistí an tseirbhís seo a úsáid.

Cosaint Leanaí

2.5 Tá boird bainistíochta agus príomhoidí scoileanna freagrach as feidhmiú iomlán na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (2017). Ní mór do bhainistíocht na scoile a chinntiú go bhfuil tuiscint ag an gcúntóir teanga ar na rialacha a bhaineann le cosaint leanaí agus go bhfuil cóip acu de pholasaí cosaint leanaí na scoile agus de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna* 2017.

Ról an phríomhoide

2.6 De bharr éagsúlachtaí i bpróifílí teanga na ndaltaí/scoláirí atá ag freastal ar scoileanna Gaeltachta, tá ról lárnach ag príomhoidí agus foirne teagaisc na scoileanna chun an tacaíocht bhreise a chur ar fáil de réir riachtanas teanga na ndaltaí/scoláirí.

2.7 Tá ról ar leith ag príomhoide na scoile eolas ábhartha a roinnt leis an gcúntóir teanga ag leibhéal na scoile uile agus an cur chuige oibre a bheidh ann idir an múinteoir ranga agus an cúntóir teanga a aontú leo.

2.8 Ba chóir don phríomhoide an bord bainistíochta a choinneáil ar an eolas faoi Scéim na gCúntóirí Teanga agus na cineálacha tacaíochtaí atá á dtabhairt d'fhoghlaimeoirí chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil.

2.9 Ba chóir an cúntóir teanga a choimeád ar an eolas faoi na gnéithe a bhaineann lena c(h)uid oibre maidir le sealbhú, líofacht agus saibhriú teanga na ndaltaí/scoláirí, mar shampla, ba cheart aird na gcúntóirí teanga a dhíriú ar fheidhmiú na dTáscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas (2020) atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais ANSEO.

2.10 Ba chóir clár ama a chur ar fáil don chúntóir teanga agus athbhreithniú a dhéanamh air de réir mar is gá.

3. Cén obair nach bhfuil mar chuid de ról an Chúntóra Teanga?

3.1 Moltar go n-aontóidh an príomhoide/múinteoir ranga/ múinteoir ábhar na cúraimí a bheidh ag an gcúntóir teanga agus nach n-iarrfaí air/uirthi aon ní a dhéanamh nach dtagann leis an gconradh oibre atá aontaithe acu. Níor chóir, mar shampla, iarraidh air/uirthi:

- freagracht a ghlacadh as ranganna iomlána leo féin
- maoirseacht daltaí/scoláirí a dhéanamh nó freagracht a ghlacadh as cúrsaí iompair leo féin
- freagracht iomlán a ghlacadh as obair na ndaltaí/ scoláirí a cheartú, ullmhúchán do scrúduithe, nó scrúduithe a mharcáil
- feitheoireacht a dhéanamh ar ranganna nó scrúduithe leo féin, mar shampla, nuair atá an múinteoir as láthair ná feitheoireacht a dhéanamh leo féin sa chlós scoile.

4. Cén cineál tacaíochta ar chóir a chur ar fáil don Chúntóir Teanga?

4.1 Cuireann na heagrais riaracháin (Muintearas Teo. agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne) oiliúint leanúnach ar fáil do na cúntóirí teanga maidir le cosaint leanaí, úsáid na meán sóisialta, COVID-19, srl. Is faoi bhord bainistíochta na scoile a chinntiú go bhfuil an oiliúint chuí ag gach duine atá ag obair le daltaí/scoláirí na scoile.

4.2 Ba chóir don scoil an cúntóir teanga a chur ar an eolas faoi ghnéithe ábhartha den phlean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile a bhaineann le ról an chúntóra teanga.

5. Cén ról atá ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán?

5.1 Is í an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán atá freagrach as maoiniú, riar agus stiúir a dhéanamh ar Scéim na gCúntóirí Teanga ar bhonn foriomlán, i gcomhar le páirtithe leasmhara de réir mar a bhaineann. Déantar é seo uile mar chuid d'fhorfheidhmiú an Phróisis Pleanála Teanga agus an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 araon.

5.2 Mar chuid den chúram, déanann an Roinn monatóireacht mar is cuí ar fheidhmiú clár comhaontaithe oibre agus maoinithe i ndáil le riar na scéime sna scoileanna leis an dá eagras atá freagrach as sin a dhéanamh ar son na Roinne (Muintearas Teo. agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne).

6 Cén ról atá ag Cigireacht na Roinne Oideachais?

6.1 Tá ról ag Cigireacht na Roinne Oideachais meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair oideachais i mbunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus in suíomhanna oideachais. Cuireann cigirí comhairle ar fáil ar raon saincheisteanna oideachais do phobail scoile, don lucht déanta beartas sa Roinn agus don chóras oideachais níos leithne freisin.

6.2 Tugann an Chigireacht tacaíocht faoi leith d'fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus do pholasaithe eile na Roinne.

AGUISÍN 1

Ar mhaithe le soiléiriú a dhéanamh ar ról an chúntóra teanga tá moltaí sa Tuarascáil Taighde ar an Athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga (Ich. 9) atá ar fáil ANSEO

- go ndéanfadh an Coiste Comhairleach iomlánú i scríbhinn ar ról an chúntóra teanga ar mhaithe le soiléiriú tuilleadh a dhéanamh ar an ról a bheidh acu sa suíomh nua oibre atá ann le cur i bhfeidhm an pholasaí don oideachas Gaeltachta agus an phróisis pleanála teanga. Is gá sa chomhthéacs seo, cúram ar leith a dhéanamh de ról an chúntóra teanga san iar-bhunscoil Ghaeltachta.
- go mbeadh obair an chúntóra teanga curtha san áireamh mar chuid de phleananna teagaisc na múinteoirí agus na scoile.
- go mbeadh an cúntóir teanga agus an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge ag obair as lámha a chéile faoi stiúir an phríomhoide.
- go gcuirfeadh gach scoil i gcomhar leis na heagrais riartha de réir mar a oireann, tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas i scríbhinn go bliantúil faoin obair a bheidh ar siúl ag an gcúntóir teanga faoi stiúir an mhúinteora ranga agus go bhfaighidh an scoil síniú ó na tuismitheoirí le taispeáint go dtuigeann siad na socruithe éagsúla atá i réim.
- go mbeadh foirm bhunúsach le síniú ag tuismitheoir má tá obair ar leith le déanamh ag cúntóir teanga lena p(h)áiste.
- Moltar lámhleabhar agus comhairle a chur ar na hiar-bhunscoileanna sin a bhfuil cúntóirí teanga ag obair iontu maidir le feidhmiú éifeachtach na Scéime sa chomhthéacs sin.
- Moltar go mbeadh obair na gcúntóirí teanga curtha san áireamh mar chuid de phróiseas féinmheastóireachta scoile i dtreo an phlean feabhsúcháin scoile.
- Moltar go n-iarrfaí ar an Roinn Oideachais meastóireacht a dhéanamh ar bhainistiú obair na gcúntóirí sna scoileanna mar chuid den ghnáthobair mheastóireachta a dhéanann cigirí sna scoileanna Gaeltachta.

AGUISÍN 2 - NAISC ÚSÁIDEACHA

Acmhainní	Nasc
Tuarascáil Athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga Preasráiteas foilsithe 15/10/2020 - Athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga	https://www.gov.ie/ga/seirbhis/sceim-na-gcuntoiri-teanga/ https://www.gov.ie/ga/preasraitis/cb4db-athbhreithniu-ar-sceim-na-gcuntoiri-teanga-foilsithe-ag-an-aire-stait-chambers/
Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017–2022:	https://www.gov.ie/ga/eolas-polasaithe/polasai-don-oideachas-gaeltachta-20172022/
Plean Gníomhaíochta 2018-2022:	https://www.gov.ie/ga/eolas-polasaithe/plean-gniomhaiochta-2018-go-2022/
Muintearas Teo, Tír an Fhia, Leitir Móir, Co na Gaillimhe, Tel: +353 (0)91 551145.	https://muintearas.com/
Oidhreacht Chorca Dhuibhne Teo, Baile an Fheirtéaraigh, An Daingean, Trá Lí, Co Chiarraí, Tel: +353 (0) 66-9156100.	https://www.oidhreacht.ie/
Acmhainní ar líne don Chúntóir	http://ancuntoir.ie/
Gaeloideachas	https://gaeloideachas.ie/home-2/?lang=ga
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG)	https://www.cogg.ie/
An Roinn Oideachais	https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-oideachais/
Nósanna imeachta maidir le cosaint leanaí do scoileanna	https://www.gov.ie/ga/eolas-polasaithe/13ad08-none/
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-turasoireachta-cultuir-ealaion-gaeltachta-spoirt-agus-mean/
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	https://www.dcu.ie/

AGUISÍN 3 - SCOILEANNA ATÁ PÁIRTEACH SA SCÉIM

BUNSCOILEANNA	Contae
Scoil Uí Ghramhnaigh	An Mhí
S N Ultain Naofa	An Mhí
Clochar Daingean	Ciarraí
S N Mhaolcheadair	Ciarraí
Scoil an Ghleanna Pobal Scoil Náisiúnta	Ciarraí
Scoil an Fhirtéaraigh	Ciarraí
S N an Ghleanna	Ciarraí
S N An Chlochán	Ciarraí
S N Ceann Trá Meascaithe	Ciarraí
S N Naomh Gobnait	Ciarraí
Scoil Náisiúnta Eirc	Ciarraí
Scoil na mBráithre	Ciarraí
Scoil Caitlín Naofa	Ciarraí
S N Cillín Liath	Ciarraí
S N Naomh Mhichil	Ciarraí
S N Eoin Baiste	Ciarraí
S N Cléire	Corcaigh
Scoil Lachtain Naofa	Corcaigh
S N Rae na nDoirí	corcaigh
Scoil Abán Naofa	Corcaigh
Scoil Fionbarra	Corcaigh
Scoil Chúil Aodha Barr d'Inse	Corcaigh
S N Cnoc na Naomh	Dún na nGall
S N Glasáin	Dún na nGall
S N Gort an Choirce	Dún na nGall
S N Loch an Iubhair	Dún na nGall
S N Duchoraidh	Dún na nGall
S N an Bhreacaigh	Dún na nGall
Scoil Phádraig	Dún na nGall
S N Mhín Téineadh Dé	Dún na nGall
SN Eadan Fhionnfhaoich	Dún na nGall
Scoil Naomh Dubhthach	Dún na nGall
S N Adhamhnain	Dún na nGall

BUNSCOILEANNA	Contae
S N Taodhbhóg	Dún na nGall
S N an Choimín	Dún na nGall
Scoil Fhionáin	Dún na nGall
Scoil Bhrighde	Dún na nGall
S N Olibhéar Pluincéid	Dún na nGall
Scoil Mhuire	Dún na nGall
S N Chonaill	Dún na nGall
S N Mín an Aoire	Dún na nGall
S N na Carraige	Dún na nGall
S N an Chaiseal	Dún na nGall
Scoil Cholmcille	Dún na nGall
S N Naomh Bríd	Dún na nGall
S N Cholmcille	Dún na nGall
S N Dhubhthaigh	Dún na nGall
Scoil Chartha Naofa	Dún na nGall
Scoil Chróine	Dún na nGall
S N Caiseal na gCorr	Dún na nGall
Scoil an Aingil Choimheádaí	Dún na nGall
Scoil Naomh Cholmcille	Dún na nGall
Scoil Cholmcille	Dún na nGall
Scoil Mhuire B&C	Dún na nGall
Scoil an tStratha Mhóir	Dún na nGall
S N Leitir Mhic an Bhaird	Dún na nGall
S N Arainn Mhór I	Dún na nGall
S N Arainn Mhór II	Dún na nGall
S N an Ard Mhóir	Gaillimh
Scoil Mhuire	Gaillimh
S N Muire Gan Smál	Gaillimh
S N Mhuire	Gaillimh
S N Naomh Pádraig	Gaillimh
S N Inis Meadhoin	Gaillimh
S N Sailearna	Gaillimh
S N Coilm Cille	Gaillimh

BUNSCOILEANNA	**Contae**
S N Colmcille	Gaillimh
S N Bhríde	Gaillimh
S N Ard	Gaillimh
S N an Fhairche	Gaillimh
Scoil Ronáin	Gaillimh
S N Baile Nua	Gaillimh
S N Caomháin	Gaillimh
S N Ronáin	Gaillimh
S N Briocáin	Gaillimh
S N Naomh Ciaráin	Gaillimh
S N na bhForbacha	Gaillimh
S N Tír an Fhiaidh	Gaillimh
S N Brighde	Gaillimh
S N Naomh Colmáin	Gaillimh
S N Mhuire	Gaillimh
S N N Breandáin	Gaillimh
S N Choilm Chille	Gaillimh
Scoil Mhuire	Gaillimh
S N Tír na Cille	Gaillimh
S N Seamus Naofa	Gaillimh
S N Mhic Dara	Gaillimh
Gaelscoil Mhic Amhlaigh	Gaillimh
Scoil Einne	Gaillimh
S N Eoin Pól II	Gaillimh
S N Leitir Mealláin	Gaillimh
Tígh Nan Dooley Scoil Speisialta	Gaillimh
S N Eachléime	Maigh Eo
S N Ros Dumhach	Maigh Eo
S N Gleann na Muaidhe	Maigh Eo
S N Dhumha Thuama	Maigh Eo
Corclough NS	Maigh Eo
S N Muire Gan Smál	Maigh Eo
S N Naomh Pádraig Sáile	Maigh Eo
S N Thóin Ré Gaoith	Maigh Eo

BUNSCOILEANNA	Contae
S N Pol a tSomais	Maigh Eo
S N Naomh Seosamh	Maigh Eo
Scoil Náisiúnta Thuar Mhic Éadaigh	Maigh Eo
S N Baile Mhic Airt	Port Láirge
S N na Leanaí	Port Láirge
S N na Rinne	Port Láirge

IARBHUNSCOILEANNA	Contae
Scoil Mhuire	Corcaigh
Coláiste Ghobnatan	Corcaigh
Coláiste Phobail Cholmcille	Dún na nGall
Pobalscoil Chloich Cheannfhaola	Dún na nGall
Pobalscoil Ghaoth Dobhair	Dún na nGall
Rosses Community School	Dún na nGall
Gairm Scoil Chú Uladh	Dún na nGall
Coláiste na Carraige	Dún na nGall
Gairmscoil Mhic Diarmada	Dún na nGall
Coláiste Chroi Mhuire	Gaillimh
Coláiste Cholmcille	Gaillimh
Coláiste Naomh Éinne	Gaillimh
Coláiste Naomh Feichín	Gaillimh
Coláiste na Coiribe	Gaillimh
Coláiste Ghobnait	Gaillimh
Gairmscoil na bPiarsach	Gaillimh
Coláiste Bhaile Chláir	Gaillimh
Scoil Chuimsitheach Chiaráin	Gaillimh
Scoil Phobail Mhic Dara	Gaillimh
Coláiste Íde	Ciarraí
Pobalscoil Chorca Dhuibhne	Ciarraí

IARBHUNSCOILEANNA	Contae
Our Lady's Secondary School	Maigh Eo
Coláiste Mhuire	Maigh Eo
St. Brendan's College	Maigh Eo
Coláiste Chomáin	Maigh Eo
Coláiste Pobail Acla	Maigh Eo
Coláiste Pobail Rath Cairn	An Mhí
Meánscoil San Nioclás	Port Láirge

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

An Roinn Oideachais
Department of Education

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Gaeloideachas

Guth don Oideachas Ián-Ghaeilge agus Gaeltachta